



Coimisiún
na Meán

Freagra ar Chomhairliúchán: An Cód Cleachtais Cóirthrádála

Dáta foilsithe:
Deireadh Fómhair 2026



Clár Ábhar

1.	Réamhrá	2
1.1	Rannpháirtíocht agus Comhairliúchán na bPáirtithe Leasmhara	2
1.2.	Achoimre ar Fhreagairtí Comhairliúcháin agus Gníomhartha Freagartha an Choimisiúin	3
2.	Príomhthéamaí ón gComhairliúchán le Páirtithe Leasmhara Tionscail	3
2.1	Saincheisteanna agus Dúshlán a bhaineann leis an Treoir agus le Cód MSP atá ann cheana	4
2.2	Saincheisteanna agus Dúshlán a Bhaineann le Próisis Choimisiúnaithe an Dá MSP	6
2.3	Saincheisteanna agus Dúshlán a Bhaineann le Próisis Choimisiúnaithe RTÉ	8
2.4	Saincheisteanna agus Dúshlán a Bhaineann le Próisis Choimisiúnaithe TG4	9
3.	Príomhthéamaí ó Chomhairliúchán MSP	9
3.1	Aighneacht TG4	9
3.2	Aighneacht RTÉ	10
4.	Conclúid agus Aitheantais	11
5.	Na Céimeanna atá Romhainn	12



1. Réamhrá

De bhun Alt 112 den Acht Craolacháin, 2009, arna leasú (“an tAcht”), ceanglaítear ar Choimisiún na Meán (“An Coimisiún”) Treoir (“an Treoir”) a ullmhú agus a eisiúint chuig eagraíochtaí Mheáin na Seirbhíse Poiblí (“MSP”) RTÉ agus TG4 i ndáil leis an gCód Cleachtais Cóirthrádála (“COFTP”, “an Cód nó na Cóid”). Tá sé de chuspóir ag an Treoir go soláthródh Coimisiún na Meán creat chun cúnamh a thabhairt do RTÉ agus TG4 agus a gCóid Cleachtais Cóirthrádála faoi seach á bhforbairt agus á gcur i láthair, agus aird a tharraingt ar phríomhghnéithe ar cheart aird a thabhairt orthu. Leis na Cóid, rialaítear na hidirghníomhaíochtaí idir na MSPanna agus an earnáil léiriúcháin neamhspleách, agus prionsabail na cóirthrádála atá le cur i bhfeidhm le linn cláir a choimisiúnú ó chuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha á leagan amach.

Le hAlt 112 den Acht, ceanglaítear ar Choimisiún na Meán Treoir a fhorbairt gach ceithre bliana. Ceanglaítear ar RTÉ agus TG4 an Treoir a bhreithniú agus, tar éis déanamh amhlaidh, Cód Cleachtais Cóirthrádála a ullmhú, agus é a chur faoi bhráid an Aire lena fhormheas. Nuair a fhormheasfar é, tiocfaidh an Cód i bhfeidhm, agus ní mór don chraoltóir é a chomhlíonadh.

1.1 Rannpháirtíocht agus Comhairliúchán na bPáirtithe Leasmhara

Sa chomhthéacs sin, phléigh Coimisiún na Meán le páirtithe leasmhara tionscail chun comhairliúchán spriocdhírthe a dhéanamh chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt na Treorach. Rinneadh an comhairliúchán i dtrí chéim ar feadh 2025, agus soláthraítear tuilleadh mionsonraí thíos:

1.1.1 Comhairliúchán mar chuid den Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí le haghaidh Mheáin na Seirbhíse Poiblí

Le moladh 5.10 ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán (FOMC) éillíodh athbhreithniú a dhéanamh ar conas a oibríodh cuntas léiriúcháin neamhspleách RTÉ, dá bhforáiltear in alt 116 den Acht, agus an méid fosta a chaith RTÉ san earnáil neamhspleách a shocrú ag 25% den mhaoiniú poiblí. Mheas an Coimisiún go raibh an tAthbhreithniú Cúig Bliana ar an meán ab fhearr chun an t-athbhreithniú sin a dhéanamh agus cinneadh an raon feidhme a leathnú chun gnéithe de rannpháirtíocht TG4 leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách a áireamh. Chun eolas a dhéanamh don chuid sin den Athbhreithniú Cúig Bliana, d’iarr an Coimisiún ar a shainchomhairleoirí seachtracha suirbhé cainníochtúil agus agallaimh cháilíochtúla a dhéanamh le léiritheoirí neamhspleácha agus comhlachtaí trádála comhlachaithe agus rinneadh comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara idir mí an Mhárta agus mí Bealtaine 2025. Cuireadh aiseolas ábhartha ón gcomhairliúchán maidir leis an Athbhreithniú Cúig Bliana san áireamh agus an Treoir á forbairt.

1.1.2 Baillí aighneachtaí spriocdhírthe ó phríomhpháirtithe leasmhara tionscail

Idir mí Aibreáin agus mí na Samhna 2025, bhailigh an Coimisiún aiseolas breise ó phríomhpháirtithe leasmhara tionscail chun eolas a dhéanamh go díreach d’fhorbairt na Treorach seo. Scaipeadh ceistneoir ar na páirtithe leasmhara chun tuairimí a spreagadh maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Tionchar na Treorach Reatha
- Inbhuanaitheacht na hEarnála agus Fás an Éiceachórais
- Luach na hInfheistíochta (Lucht Féachana agus Cultúr na hÉireann)



larradh ar na freagróirí príomhcheisteanna (neamhchuimsitheacha) a mheas chun an próiseas aiseolais a threorú agus freagra a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán chun cuidiú leis an Treoir nuashonraithe a tharraingt suas.

Ní luaitear freagraí ar leith sa doiciméad seo Freagra ar Chomhairliúchán ach tugadh le chéile iad chun tuairim thionscail níos uilechuimsithí a chur le chéile ar conas a oibríodh na Cóid Cleachtais Cóirthrádála agus conas is fearr a d'fhéadfaí iad a oibriú amach anseo.

1.1.3 Aiseolas ó páirtithe leasmhara reachtúla eile

I mí na Nollag 2025, chuaigh Coimisiún na Meán i gcomhairle le RTÉ agus TG4 chun a dtuairimí a lorg maidir leis an dóigh ar cuireadh Cóid Cleachtais Cóirthrádála MSP chun feidhme agus ar cloíodh leo san am a chuaigh thart agus maidir leis an tionchar a bhí acu ar fhorbairt earnáil léiriúcháin neamhspleách na hÉireann. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis an dá MSP agus leis an Aire maidir leis an Treoir athbhreithnithe a fhorbairt.

1.2. Achoimre ar Fhreagairtí Comhairliúcháin agus Gníomhartha Freagartha an Choimisiúin

Leis an doiciméad seo Freagra ar Chomhairliúchán, soláthraítear achoimre ar na príomhshaincheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí agus san aiseolas a fuair Coimisiún na Meán. I gCuid 2 den doiciméad, leagtar amach príomhthéamaí a eascraíonn as comhairliúchán le páirtithe leasmhara tionscail agus i gCuid 3, leagtar amach na príomhthéamaí a eascraíonn as comhairliúchán le RTÉ agus TG4.

Agus eolas á dhéanamh dó leis an gcomhairliúchán thuas agus tar éis aird a thabhairt ar a fheidhmeanna reachtúla, cuspóirí MSPanna agus leasanna léiritheoirí neamhspleacha, breathnóirí agus éisteoirí, tá a Threoir dréachtaithe anois ag Coimisiún na Meán. Tugadh aird chuí ar aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara uile agus an Treoir á hullmhú; mar sin féin, leis an ábhar deiridh léirítear seasamh neamhspleách Choimisiún na Meán.

2. Príomhthéamaí ón gComhairliúchán le Páirtithe Leasmhara Tionscail

Le comhairliúcháin le páirtithe leasmhara tionscail nochtadh creideamh coiteann gurb é seo uair na cinniúna le haghaidh earnáil léiriúcháin neamhspleách na hÉireann, go háirithe agus RTÉ ag gluaiseacht i dtreo samhail léiriúcháin hibridigh faoina straitéis reatha¹. Thug na páirtithe leasmhara faoi deara gurb amhlaidh nár baineadh amach le COFTP an tionchar leathan agus claochlaitheach a chonacthas sa Ríocht Aontaithe, rud a fhágann go bhfuil an earnáil fós ag brath go mór ar líon beag coimisinéirí MSP agus tacaíochtaí rialtais a bhíonn i bhfabhar gníomhaithe idirnáisiúnta móra seachas forbairt chruthaitheach dhúchasach. Áitíonn léiritheoirí go bhfuil

¹ Samhail Léiriúcháin Hibridigh – tá RTÉ ag gluaiseacht i dtreo tuairisciú inmheánach maidir leis an Nuacht agus le Cúrsaí Reatha, leis an Spórt agus le hlmeachtaí Speisialta, agus sin amháin, a léiriú go himmheánach, agus gach seánra nó clársceidealúchán eile á léiriú ag an earnáil neamhspleách.



infheistíocht Státhiste níos mó in MSPanna bunriachtanach chun acmhainneacht táirgeachta intíre a neartú, lena n-áirítear paireacht an mhaoinithe a dhaingniú idir ábhar Gaeilge agus Béarla. Idir an dá linn, trí na dreasachtaí cánach atá ann cheana agus trí ghníomhaíocht léiriúcháin dhomhanda mhéadaitheach, tá an baol ann go mbeidh Éire ina mol léiriúcháin seachfhoinsithe go príomha, seachas tionscal atá éagsúil, fréamhaithe go cultúrtha agus uathrialaitheach go cruthaitheach a chothú. Agus tábhacht mhéadaithe le hardáin neamhthraidisiúnta, tá deis anois ann an t-éiceachóras a athchothromú trí bhearta amhail an tobhach ábhair dá bhforáiltear in AVMSD a thabhairt isteach, ardú *Scéal* alt 481 a leathnú, creataí rialála nua a fhorbairt agus cuid den mhaoiniú poiblí a dhíriú chuig léiritheoirí le haghaidh ábhar ina dtugtar tús áite don digitíú (tríd an gCiste Meán, is dócha, mar a thugtar breac-chuntas air i Scéim Ghinearálta an Bhille Craolacháin (Leasú)), chun laghdú a dhéanamh ar róspleáchas ar chraoltóirí traidisiúnta agus an raon glórtha Éireannacha a léirítear sna meáin a leathnú.

Mar sin féin, d'ainneoin a dtuairimí faoin róspleáchas sin, tríd is tríd, breathnaíodh go dearfach ar RTÉ, TG4 agus a gCód Cleachtais Cóirthrádála faoi seach atá ann faoi láthair. Leag na páirtithe leasmhara béim ar an ról ríthábhachtach atá ag na Cód san earnáil léiriúcháin neamhspleách, agus creat struchtúrtha á sholáthar acu le haghaidh idirbheartaíochta, rud a chuidíonn le haghaidh a thabhairt ar éagothroime cumhachta idir léiritheoirí agus craoltóirí, agus rud a fheabhsaíonn trédhearcacht ar fud an phróisis choimisiúnaithe. D'aithin siad freisin go raibh sé d'aidhm ag na Cód caighdeán agus ionchais shoiléire a leagan síos don dá pháirtí. Rud atá tábhachtach, leag na páirtithe leasmhara béim ar luach na gCód i dtaobh úinéireacht cearta a rialáil laistigh de choimisiúin RTÉ agus TG4, lena gceadaítear do léiritheoirí cearta áirithe a choinneáil agus luach airgid a chur orthu. Tharraing siad aird air freisin ar an gcaoi a ndéantar an t-ioncam a ghintear tríd sin a athinfheistiú go minic i dtionscadail chruthaitheacha nua, agus bhíodhas ag súil leis go leanfaí de thosaíocht a thabhairt do choinneáil cearta do léiritheoirí le haon Chóid a thugtar cothrom le dáta.

I dteannta na sochar sin, áfach, le linn an phróisis chomhairliúcháin sainaitheandóidh roinnt saincheisteanna agus dúshláin athfhillteacha. Cé gur bhain cuid de na saincheisteanna sin go díreach leis na Cód féin, bhain cuid eile díobh níos mó leis na praiticiúlachtaí a bhaineann le bheith ag obair leis na MSPanna ar choimisiúin neamhspleácha. Ní thagann saincheisteanna coimisiúnaithe go díreach laistigh de raon feidhme Threoir Choimisiún na Meán ach is fiú aird a tharraingt orthu anseo chun críoch comhthéacsúil.

2.1 Saincheisteanna agus Dúshláin a bhaineann leis an Treoir agus le Cód MSP atá ann cheana

Ar an gcéad dul síos, luaigh na páirtithe leasmhara uile go bhfuil na Cód atá ann cheana as dáta agus nach bhfuil siad sách solúbtha chun coinneáil suas le hathruithe teicneolaíocha gasta sa tionscal agus lastall de. Téann comhaontú RTÉ siar go 2013 agus chreid formhór na bpáirtithe leasmhara nach léirítear leis fírinne an tionscail faoi mar atá faoi láthair. Cé gur cuireadh Cód TG4 ar fáil níos déanaí fós – tháinig sé i bhfeidhm in 2021 – measadh, mar sin féin, gur ghá iad araon a thabhairt cothrom le dáta.

D'éiligh na páirtithe leasmhara go dtabharfaí an Treoir agus Cód MSP atá ann cheana cothrom le dáta ar bhonn níos rialta ná gach ceithre bliana (mar atá sa reacht faoi láthair) nó, ar a laghad, go ndéanfaí foráil maidir le nuashonrú lár-téarma chun aon mhórfhorbairtí sa tionscal a chur san áireamh.



Thug na páirtithe leasmhara le fios go sonrach nach dtugtar aghaidh ar dheiseanna nó dúshláin IS leis na Cóid atá ann cheana. Mhol na páirtithe leasmhara gur cheart an méid seo a leanas a dhéanamh leis na Cóid nua:

- Aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna cóipchirt a bhaineann le hábhar arna ghiniúint ag IS sna Cóid nua.
- Cuidiú le creat soiléir a fhorbairt chun treoir a thabhairt faoi conas a úsáidtear intleacht shaorga in ábhar atá coimisiúnaithe ag MSP agus gur cheart don dá MSP agus do na léiritheoirí é sin a chomhaontú go comhpháirteach.
- D'éiligh páirtithe leasmhara go mbeadh an idirghabháil a dhéantar ar chomhaontú den sórt sin mar chuid den ról rialála, i dteannta comhaontuithe comhchosúla eile nuair a bheadh tairseach tionchair ar an earnáil bainte amach ag aon teicneolaíocht nua.
- Smaoineamh ar thosaíocht a thabhairt do chruthaitheacht dhaonna trí staonadh den intleacht shaorga ghiniúnach a úsáid i léiriúchán beochana.
- Smaoineamh ar shainordú a thabhairt córas lipéadaithe a thabhairt isteach le cur in iúl cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh intleacht shaorga i léiriúchán.

D'éiligh na páirtithe leasmhara go ndéanfaí Treoirlínte Eatramhacha na Treorach Eorpaí maidir le Cóipcheart² a ghlacadh sna Cóid nua agus é á lua go raibh an méid sin bunriachtanach chun ailíniú le caighdeán AE a chinntiú agus leanúint de mhaoín intleachtúil a thabhairt ar ais don léiritheoir tar éis an téarma cúig bliana tosaigh.

Luaigh roinnt páirtithe leasmhara freisin gur cheart laghdú a dhéanamh ar an gceanglas reatha go gcumhdófaí 25% de bhuiséad léiriúcháin le MSP ionas go mbeadh feidhm ag na Cóid, rud a léiríonn samhlacha comhléirithe idirnáisiúnta.³ D'áitigh siad go bhféadfaí cuidiú lena chinntiú go bhfanadh níos mó maoín intleachtúil Éireannach in Éirinn dá n-ísleofaí an tairseach sin, go háirithe dá mbeadh forálacha níos soiléire ag na Cóid nua chun maoín intleachtúil Éireannach a chosaint agus a choinneáil.

Éilíodh go dtabharfaí breac-chuntas soiléir sna Cóid nua chun a chinntiú go gcosnófaí comhaltaí foirne agus rannpháirtithe óga agus leochaileacha, lena n-áirítear breithniú ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chaighdeánú ar fud na léiriúcháin.

Maidir le COFTP RTÉ go sonrach, d'ardaigh na páirtithe leasmhara ábhair imní maidir leis an méid seo a leanas:

- An clásal lena leagtar amach conas a d'fhéadfaí táillí léiritheora carnacha a chinneadh leis an méid iomlán oibre coimisiúnaithe a fhaigheann cuideachta léiriúcháin ó RTÉ, agus cur síos á dhéanamh ar an gcur chuige sin mar chur chuige éagórach. Chreid siad gur toimhdíodh barainneacht scála leis an méadrach; mar sin féin, tharraing na páirtithe leasmhara chun suntais nach mbíonn na héifeachtúlachtaí sin inbhainte amach i gcónaí ar fud tionscadail éagsúla, fiú amháin laistigh den chuideachta léiriúcháin chéanna. Luaigh siad, thairis sin, go bhféadfaí laghmhisneach a chur ar léiritheoirí coimisiúin níos lú lena bhfuil tábhacht chultúrtha a shaothrú, nuair a sháraíonn siad tairseach áirithe, ós rud

² Féach: ['Implementation of the European Copyright Directive - Industry Interim Guidelines for Producers, Authors and Performers in the Irish Screen Industry'](#) [Cur chun Feidhme na Treorach Eorpaí maidir le Cóipcheart - Treoirlínte Tionscail Eatramhacha le haghaidh Léiritheoirí, Údar agus Taibheoirí i dTionscal Scáileáin na hÉireann] (Eanáir 2025). (Béarla)

³ Tabhair faoi deara: cumhdaítear an tairseach 25% seo san Acht faoi láthair, mar sin, cheanglófaí reachtaíocht nua chun aon athruithe a dhéanamh uirthi.



é gur féidir nach mbeidh sé inmharthana a thuilleadh, ó thaobh airgeadais de, sin a dhéanamh.

- An cleachtas a bhaineann le téarmaí a chaibidlíú tar éis coimisiún a dhéanamh agus iad a bhunú ar chustam agus cleachtas seachas ar na Cóid atá ann cheana.

Agus i gcás Chóid TG4, dúirt roinnt mhaith páirtithe leasmhara go dtagann cuid de na conarthaí atá ag TG4 féin salach ar bhrí agus litir a gCód. I sampla amháin a luadh, fuair léiritheoir conradh inarb amhlaidh nár cuireadh na cearta ar ais chuige nó chuici tar éis an téarma cúig bliana ach go ndearnadh iad a shannadh do TG4 go suthain. Rinneadh sin gan aon chaibidlíocht a dhéanamh leis an léiritheoir, ná é nó í a chur ar an eolas faoi, roimh ré.

Bhí formhór na n-ábhar imní, áfach, dírithe ar chur i bhfeidhm praiticiúil agus cur chun feidhme comhsheasmhach na gCód sa phróiseas coimisiúnaithe. Braitheadh cuid de na hábhair imní sin i ndéileálacha leis an dá MSP ach bhain cuid eile acu go díreach le RTÉ nó TG4.

2.2 Saincheisteanna agus Dúshlán a Bhaineann le Próisis Choimisiúnaithe an Dá MSP

Braitheadh den chuid is mó go n-éilítear cumarsáid níos fearr le haghaidh próisis choimisiúnaithe.

Cé gurb amhlaidh leis na Cóid agus leis na treoirlínte coimisiúnaithe ón dá chraoltóir ina dhiaidh sin go dtugtar breac-chuntas ar amlínte agus nósanna imeachta tascacha, bhraith cuid mhór páirtithe leasmhara nár cloíodh leis na hamlínte sin agus gur cruthaíodh, dá dheasca sin, éiginnteacht mhíchuí agus deacrachtaí pleanála le haghaidh léiritheoirí a bhí ag fanacht le cinntí. Ba mhinic a dhéantaí na moilleanna sin níos measa fós de dheasca moilleanna breise ag céim an chonartha nuair a bhíodh ceisteanna ag na léiritheoirí maidir le téarmaí na gconarthaí. Arís, tarraingíodh chun suntais gur mhinic a bhíodh na moilleanna sin ina gcúis le hualach agus strus airgeadais méadaithe ar léiritheoirí san idirthréimhse ina mbí sí ag fanacht le réiteach.

Ar na moltaí chun mearbhall agus moilleanna ar na céimeanna conartha a leigheas áiríodh an méid seo a leanas:

- D'fhéadfaí conarthaí teimpléid a chomhroinnt roimh ré; faoi láthair, ní fheiceann léiritheoirí iad ach tar éis iad a choimisiúnú, rud a theorannaíonn tuiscint luath ar oibleagáidí.
- D'fhéadfadh leaganacha i mBéarla simplí (nó i nGaeilge shimplí) de dhoiciméid dhlíthiúla a bheith ina gcuidiú le hoibleagáidí dlíthiúla léiritheoirí a shoiléiriú.
- Téarmaí conartha comhsheasmhacha a chinntiú ar fud tionscadail chomhchosúla.

Chreid formhór na bpáirtithe leasmhara gur dheacair ar roinnt mhaith léiritheoirí, go háirithe iontrálaithe nua, rochtain a fháil ar phróiseas coimisiúnaithe an dá MSP. Braitheadh nár bronnadh formhór choimisiúin RTÉ ach ar líon beag cuideachtaí níos mó, rud a d'fhág nach raibh mórán spáis ann do chuideachtaí eile chun go leor oibre a fháil le leanúint de bheith inbhuanaithe. Bhíothas den tuairim chéanna ar TG4 cé go ndearnadh an méid sin níos measa de dheasca conarthaí coimisiúnaithe ilbhliantúla. Cé gurb amhlaidh, go teoiriciúil, go raibh formhór na bpáirtithe leasmhara i bhfabhar conarthaí ilbhliantúla chun go bhféadfadh cuideachtaí dul i méid agus slándáil poist a thabhairt d'fhostaithe, luadh nuair nach mbíonn na conarthaí ilbhliantúla sin á bhfáil ach ag beagán príomhchuideachtaí, go nglasáiltear daoine eile amach ar feadh tréimhse níos faide. Mheas cuid mhór páirtithe leasmhara freisin go raibh tionchar aige sin ar leibhéal éagsúlachta agus iolracht na nglórtha ar an aer.



Príomhdhúshlán ar mhian le roinnt mhaith páirtithe leasmhara béim a chur air ba ea na leibhéil neamhleora de bhuiséid léiriúcháin agus luaigh formhór acu nach raibh buiséid ag coinneáil bord ar bord le boilsciú agus leis an gcostas maireachtála méadaitheach. Creideadh go coiteann go ndearna buiséid ísle roinnt mhaith léiritheoirí a dhíspreagadh ó theacht isteach san earnáil, go háirithe na daoine sin ó chúlraí a bhí éagsúil nó dúshlánach go heacnamaíoch. Braitheadh freisin go raibh éifeacht chomhchosúil aige sin ar fhoireann léiriúcháin agus theicniúil a mhealladh agus a choinneáil. Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl freisin nár cuireadh san áireamh go leordhóthanach sna buiséid sin, a bhí faoi bhrú cheana, an leibhéal iarrachta agus costais a chuirtear isteach in oibleagáidí conarthacha na meán sóisialta.

Moladh amháin a rinneadh chun é sin a mhaolú, seachas níos mó maoiniú poiblí, ba ea go bhféadfaí cosc a chur le léiritheoirí iad féin, fiú amháin, a fhoghearradh go mór a bhuí le trédhearcacht níos mó maidir le hionchais bhuiséid ag céim an choimisiúnaithe, d'fhonn leibhéal buiséid craoltóra a thomhas; mar sin féin, ba ghá é sin a phéireáil le gealltanais ó chraoltóirí chun a aithint nach bhfuil sé inbhuanaithe don earnáil gach léiritheoir a bhrú chuig a theorainn airgeadais agus go ndéantar díobháil tríd sin, ar deireadh thiar thall, don tionscal trí chéile. Tá sé sin níos ábhartha fós i bhfianaise sprioc straitéiseach RTÉ le haghaidh samhail léiriúcháin hibridigh agus formhór a chlársceidealúcháin ag teacht ón earnáil neamhspleách laistigh de na chéad chúig bliana eile.

Luaigh na páirtithe leasmhara, cé go n-aithnítear leis na Cóid an tábhacht go gcoinneodh léiritheoirí cearta áirithe chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht earnála, go bhfuil saincheist níos leithne ag baint leis an maoin intleachtúil go fóill. Go sonrach, leag roinnt páirtithe leasmhara béim ar róspleáchas ar fhormáidí allmhairithe, rud a théann chun tairbhe ar bhealach díréireach do chuideachtaí níos mó ag a bhfuil na hacmhainní chun cearta críche a chaibidlíú agus rud a dhéanann laghdú comhuaineach ar mhaoin intleachtúil Éireannach bhunaidh a fhorbairt. Tríd sin, cuirtear teorainn le torthaí fadtéarmacha do léiritheoirí agus MSPanna araon, laghdaítear deiseanna le haghaidh díolacháin tríú páirtí agus rannchuidítear le cultúr coimisiúnaithe atá drogallach roimh rioscaí agus nach gcuireann go leor béime ar nuálaíocht agus smaointe nua.

Ar na moltaí chun na saincheisteanna sin a mhaolú áiríodh:

- Na Cóid a thabhairt cothrom le dáta chun tacú go follasach le maoin intleachtúil faoi úinéireacht na hÉireann a chruthú, a fhorbairt agus a shaothrú.
- Próisis choimisiúnaithe MSP a fhorbairt ionas go gcothófar leo cultúr maidir le riosca níos mó a ghlacadh agus tosaíocht a thabhairt do mhaoin intleachtúil Éireannach bhunaidh a fhorbairt a mbeadh in ann taisteal go hidirnáisiúnta.
- Uasteorainn a chur leis an líon formáidí idirnáisiúnta is féidir a bheith ag MSP, agus spás á chruthú do choimisinéirí chun níos mó rioscaí a dhéanamh i dtaobh smaointe dúchasacha.
- Tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar don nuálaíocht chun Éire a shuí mar fhoinse aitheanta d'fhormáidí bunaidh agus coincheapa cruthaitheacha.

Luadh, cé go raibh iarrachtaí á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí cumhachta, go raibh easpa tuisceana ann ar na fírinní a bhaineann le cuideachta bheag a rith agus nár bhraith cuid mhór léiritheoirí gur 'comhpháirtithe' iad sa phróiseas coimisiúnaithe nó léiriúcháin.



Agus, ar deireadh, luaigh na páirtithe leasmhara go raibh saincheisteanna ann maidir le híocaíochtaí teagmhais agus Táille an Aimsitheora. Cé go ndearnadh foráil maidir le híocaíochtaí teagmhais i gCód an dá MSP, ba mhinic nach mbídís mar chuid de chonarthaí a caibidlíodh iarbhrí, rud a chuir léiritheoirí faoi strus airgeadais. Ina theannta sin, maidir le téarmaí bhuiséadú TG4 ina roinntear tearc-chaitheamh idir an dá pháirtí ach ina bhfuil an léiritheoir freagrach as róchaitheamh (os cionn aon teagmhas a comhaontaíodh), cáineadh iad go sonrach. Bhraith na páirtithe leasmhara gur cheart déileáil leis sin ar bhonn cás ar chás ós rud é nach raibh an milleán ar an léiritheoir go díreach as an róchaitheamh uile agus gur ghá do TG4 a bheith ar an eolas faoi sin. Ní chuirtear Táille an Aimsitheora i bhfeidhm go huathoibríoch agus mheas na páirtithe leasmhara gur cheart an méid sin a leigheas chun maolú a dhéanamh ar chásanna nach bhfaigheadh léiritheoirí ar bheagán taithí a gcuid airgid de dheasca nár thuig siad a dteidlíochtaí go hiomlán agus, dá réir sin, nár shonrasc siad le haghaidh an mhéid sin. (Leis an bpointe roimhe sin ar dhoiciméadacht maidir le Béarla (nó Gaeilge) Simplí lena leagtar amach oibleagáidí agus teidlíochtaí, d'fhéadfaí an cás sin a leigheas).

2.3 Saincheisteanna agus Dúshlán a Bhaineann le Próisis Choimisiúnaithe RTÉ

Mheas na páirtithe leasmhara go raibh easpa soiléire ann maidir leis an méid a bhí á lorg ag RTÉ go díreach ón ábhar nuair a bhí coimisiúnú á dhéanamh aige, agus tugadh le fios go bhféadfaí an méid sin a mhaolú a bhuí le rochtain dhíreach níos mó ar na foirne coimisiúnaithe níos luaithe sa phróiseas.

Leag na páirtithe leasmhara béim ar an easpa margaí coimisiúnaithe ilbhliantúla a bhí á dtairiscint ag RTÉ, d'ainneoin aird a bheith tarraingthe go follasach air sin san Acht, á rá go gcuideodh margaí ilbhliantúla le hinbhuanaitheacht na hearnála. Mar sin féin, tabhair na pointí roimhe sin ar aird maidir le dáileadh éagórach agus maidir le conas is amhlaidh, nuair nach bhfuil ach cuid Mhic Craith den fhia á fáil ag líon beag cuideachtaí ar bhonn bliantúil (nó ar bhonn ilbhliantúil mar atá i gceist le TG4), gur féidir an bonn a bhaint leis sin ar an dóigh chéanna ó inbhuanaitheacht agus éagsúlacht na hearnála.

Bhí easpa soiléire ann maidir le téarmaí íocaíochta, agus luaigh na páirtithe leasmhara go raibh siad ag fanacht ar feadh seachtainí nó míonna chun sonraisc a phróiseáil, agus bhí tionchar ar leith aige sin ar shreabhadh airgid léiritheoirí níos lú a raibh foireann á híoc acu fad a bhí siad ag fanacht le hairgead ó RTÉ. Braitheadh freisin gur ardaigh RTÉ ceisteanna scaití a bhí mion nó gan ghá dar le páirtithe leasmhara maidir le tuarascálacha costais, rud a síneadh amlínte íocaíochta. Tarraingíodh chun suntais freisin gur bhraith roinnt cuideachtaí níos lú nár pléadh leo mar chomhpháirtithe comhionanna ach gur pléadh leo mar shaoroibrithe thar aon rud eile, rud a ghéaraigh na saincheisteanna maidir le bainistíocht airgeadais.

Braitheadh nach raibh próisis choimisiúnaithe Raidió RTÉ chomh furasta le húsáid le próisis choimisiúnaithe Theilifís RTÉ – tarraingíodh aird ar phointe amháin ar leith maidir leis an éagumas chun iarratais a shábháil agus a athbhreithniú sula gcuirfear isteach iad agus conas a mhéadaítear leibhéil struis na léiritheoirí dá bhrí sin agus chomh maith leis an seans go mbeadh earráidí in iarratais, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an dóchúlacht go mbeifí coimisiúnaithe.

Luadh freisin gur dheacair rochtain a fháil ar chórais inmheánacha RTÉ, rud is gá go minic chun an choimre choimisiúnaithe a chomhlíonadh (e.g. na córais chartlainne Mediaweb agus Radioman nó ríomhphost inmheánach RTÉ, etc.). Is féidir leis sin a bheith ina chúis le moilleanna agus strus míchuí a chur ar chuideachtaí léiriúcháin.



2.4 Saincheisteanna agus Dúshlán a Bhaineann le Próisis Choimisiúnaithe TG4

Thuiriscigh roinnt páirtithe leasmhara gurb amhlaidh, ó am go chéile, gur tháinig conarthaí TG4 salach ar na téarmaí ar ar tugadh breac-chuntas sa COFTP dá gcuid féin, rud a chruthaigh mearbhall agus a bhain an bonn ó iontaoibh. Déantar an méid sin níos measa ós rud é go ndéanann TG4 a chonradh a chaibidlíú i mBéarla go rialta ach go n-aistríonn sé ansin é go Gaeilge agus gur féidir roinnt athruithe sa bhrí teacht as sin, agus go gcoinníonn foireann dhlíthiúil TG4 an leagan Gaeilge mar an leagan críochnaitheach.

Pointe eile maidir le conradh a chaibidlíú ba ea gur bhraith roinnt páirtithe leasmhara gur sholáthair na foirne coimisiúnaithe cruinnithe faisnéise neamhleora don fhoireann dhlíthiúil, rud a d'fhág gurbh éigean do léiritheoirí a gcuid smaointe a chur i láthair athuair le linn chaibidlíocht an chonartha.

Cé gur aithníodh gur éirigh i bhfad níos fearr le TG4 ná RTÉ i gcoimisiúnú ilbhliantúil, ós rud é nach ann do chlásail bhoilscithe agus gurb ann do chlaonadh chun bheith i bhfabhar grúpa beag cuideachtaí (faoi mar a tugadh breac-chuntas air cheana), cuirtear teorainn le rochtain níos leithne agus cobhsaíocht airgeadais.

Agus ar deireadh, bhraith roinnt mhaith páirtithe leasmhara go raibh cleachtais iniúchóireachta TG4 cunórach agus lasmuigh den raon feidhme réasúnach.

3. Príomhthéamaí ó Chomhairliúchán MSP

Fuarthas aighneachtaí ó RTÉ agus TG4 araon mar fhreagra ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cóid Cleachtais Cóirthrídála. Cé gur aithin an dá eagraíocht an tábhacht a bhaineann le caidrimh chothroma, thrédhearcacha agus inbhuanaithe a choinneáil ar bun leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách, lena n-aiseolas léiríodh ról institiúideacha, samhlacha maoinithe agus suíomhanna margaidh éagsúla laistigh de thimpeallacht chlosamhairc a bhí ag athrú go tapa.

3.1 Aighneacht TG4

Mheas TG4 gur éirigh sách maith go dtí seo le cuid mhór den Treoir a bhí ann cheana ach is amhlaidh a tharraing sé aird ar chúpla príomhréimse ar ghá iad a athbhreithniú nó a thabhairt cothrom le dáta. Ar an dóigh sin, dhírigh TG4 go mór ar na himthosca áirithe a bhain le meáin seirbhíse poiblí do mhionteanga agus ar an ngá go léireofaí leis an Treoir sainchúram reachtúil TG4 ar bhealach níos fearr.

Mhol TG4 téarma na gcearta príomhúla do MSP mionteanga a shíneadh ó chúig bliana chuig seacht mbliana, agus é á áitiú go mbeadh an méid sin níos comhsheasmhaí le ról reachtúil Choimisiún na Meán faoi alt 7 den Acht chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chosaint. Mheas TG4 freisin go soláthrófaí luach feabhsaithe ar airgead poiblí trí thréimhse cearta príomhúla níos faide ach an toradh ar a infheistíocht in ábhar coimisiúnaithe a uasmhéadú. Cé go bhféadfaidh an argóint sin a bheith fiúntach, níorbh ann d'aon sonraí airgeadais chun tacú lena ndearbhú go mbeadh níos mó luacha ag baint le 7 mbliana. D'fhéadfaí teacht ar



chomhréiteach sa mhéid go bhfuil an dá bhliain bhreise neamheisiach, rud a cheadaíonn do léiritheoirí a gcearta a dhíol le páirtithe eile go fóill féin ach laghdófaí an gnóthachan airgeadais do léiritheoirí leis sin don ábhar a d'athcheannódh TG4 go traidisiúnta le haghaidh téarma 5 bliana eile.

D'éiligh TG4 go gcuirfí deireadh leis an táille gearrthóg dá dtugtar sainordú faoi láthair faoi Threoir 2017. D'áitigh TG4 nach bhfuil íocaíocht táillí gearrthóg le haghaidh ábhar a coimisiúnaíodh go poiblí i gcás inar úsáideadh é i gclársceidealú eile, a bhí maoinithe go poiblí, ina léiriú ar luach ar airgead. D'áitigh sé, thairis sin, go bhfuil an táille ina bacadh roimh ábhar cartlainne a athúsáid, rud a chuireann teorainn le hinfheictheacht agus cur chun cinn ábhar na Gaeilge, agus rud a bhaineann an bonn ó oibleagáid reachtúil TG4 chun rochtain a sholáthar ar a chartlann, go háirithe i bhfianaise an scála sách teoranta de chartlanna mionteanga.

Mhol TG4 gur cheart cearta domhanda a bheith mar an seasamh réamhshocraithe faoin Treoir, mura gcaibidlítear a mhalairt. Bhraith TG4 go raibh easnamh toimhde den sórt sin ar neamhréir le cuspóirí poiblí TG4 agus RTÉ, lena áiríodh clársceidealú a sholáthar do dhiaspóra na hÉireann, a mhéid is indéanta le réasún.

Tharraing TG4 aird freisin ar roinnt breithnithe rialála agus beartais níos leithne. Tharraing sé aird ar Ghníomh AE um an Intleacht Shaorga, atá le bheith i bhfeidhm ó mhí Lúnasa 2026 ar aghaidh, agus ar ábharthacht a cheanglas trédhearcachta i gcás ina n-áirítear ábhar arna ghiniúint ag intleacht shaorga i gcláir. Leag TG4 béim, thairis sin, ar an ngá le maoiniú méadaithe, agus é á lua go gcuirtear bac le leibhéil reatha an mhaoinithe ar a chumas chun a chuid cuspóirí seirbhíse poiblí a bhaint amach go hiomlán, lena n-áirítear iolracht glórtha a sholáthar ar an aer.

Ina theannta sin, d'éiligh TG4 go gcuirfí chun feidhme Moladh 7.1 ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, go mbreithneofaí forálacha ábhartha uile an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (EMFA) – go háirithe neamhspleáchas feidhmiúil agus eagarthóireachta MSPanna a chosaint – agus go gcuirfí tús le forálacha suntasachta chun tacú le hinfhionntacht inneachair seirbhíse poiblí.

3.2 Aighneacht RTÉ

Chuir RTÉ béim níos mó ar an gcomhthéacs margaidh agus eacnamaíoch níos leithne ina n-oibríonn meáin na seirbhíse poiblí anois.

Leag RTÉ béim ar fhás agus tionchar suntasach seirbhísí SVOD domhanda ó fhoilsiú Threoir 2017, agus é á lua go bhfuil sciar suntasach den mhargadh gafa ag na hardáin sin, gur ardaigh siad ionchais an lucht féachana trí ábhar ardbhuiséid agus arduirlisí fionnachtana agus gur chuir siad brú airgeadais ar an earnáil léiriúcháin neamhspleách intíre. Thug RTÉ faoi deara freisin gurb amhlaidh, d'ainneoin a scála, nach iondúil go dtugann seirbhísí SVOD tosaíocht do scéalta ná cultúr dúchasach, rud a threisióinn ról bunriachtanach MSPanna maidir le haghaidh a thabhairt ar chliseadh an mhargaidh. Sainaithníodh athruithe struchtúrtha comhchosúla san earnáil fuaime, agus iad á spreagadh ag ardáin ilnáisiúnta agus leis an athrú chuig tomhaltas ar éileamh.

Thairis sin, luaigh RTÉ iompraíochtaí athraitheacha an lucht féachana, go háirithe i measc an lucht féachana níos óige, a d'imigh ó fhéachaint líneach chuig tomhaltas ar éileamh, agus cuir chuige nua maidir le rannpháirtíocht á n-éileamh. Rinneadh na dúshláin sin níos measa de dheasca brúnna eacnamaíocha, lena n-áirítear cur isteach ar mhargaí fógraíochta arna ndéanamh ag ardáin dhomhanda, ioncaim thráchtála laghdaithe do MSPanna agus sraith suaití



seachtracha ó bhí 2017 ann, lena n-áirítear paindéim COVID-19, ionradh na Rúise ar an Úcráin agus conspóid íocaíochtaí 2023 de chuid RTÉ féin.

Ó thaobh cur chuige rialála de, mheas RTÉ go leanann an Treoir reatha de bheith éifeachtach agus comhlántach leis an reachtaíocht atá ann cheana agus lena Chóid Cleachtais Cóirthrádála féin agus, dá bhrí sin, bhraith sé nach raibh gá le hathrú suntasach. Thug RTÉ rabhadh go bhféadfaí an bonn a bhaint ó sholúbthacht agus iomaíochas i margadh atá ag éirí níos idirnáisiúnta de réir a chéile de dheasca rialachán níos saintreoraí nó sriantaí rialála leathnaithe. Luaigh sé go mbeadh cur chuige a bheadh ró-mhionsonraithe ar neamhréir le halt 112(3) den Acht Craolacháin, lena ndéantar foráil gur cheart treoir a bheith de chineál ginearálta.

Maidir le cearta, chuir RTÉ in iúl gur thacaigh sé leis an gcreat a bhí ann cheana, agus é á áitiú go soláthraítear luach ar airgead leis le haghaidh íocóirí táille ceadúnais agus go dtacaítear le rochtain uilíoch leis trína cheadú go leanfadh ábhar a bhí maoinithe ag RTÉ de bheith ar Sheinnteoir RTÉ le linn na tréimhse cearta príomhúla cúig bliana. Luaigh RTÉ freisin gurb amhlaidh, sa chleachtas, gur minic a cheadaítear do léiritheoirí tríd sin cearta príomhúla a athdhíol ar bhonn neamhsíach roimh dheireadh na tréimhse sin. Leag RTÉ béim ar an tábhacht le socruithe cearta a bhí ardán-neodrach chun féachaint chuige go seasfaidís an aimsir.

D'aithin RTÉ an tábhacht le cearta léiritheoirí agus leag siad béim ar chomhoibriú leanúnach le léiritheoirí neamhspleácha chun cómhaoiniú idirnáisiúnta a dhaingniú le haghaidh tionscadail nach mbeadh inacmhainne murach sin.

Chuir RTÉ béim ar an ngá le maoiniú leordhóthanach chun leanúint de chlársceidealú a bhí dírithe ar chultúr na hÉireann a sholáthar i margadh ina raibh buiséid SVOD dhomhanda i dtreis. Sa chomhthéacs sin, d'fháiltigh RTE roimh bhearta beartais tacúla, lena n-áirítear tograí sa Scéim Ghinearálta chun caiteachas an aonaid léiriúcháin neamhspleách a mhéadú chuig 25%, lena gcuimsítear físeáin ar éileamh agus podchraoltaí, chomh maith le creidmheas cánach léiriúchán neamhspleáiche a thabhairt isteach. D'áitigh RTÉ gur dócha go dtabharfar infheistíocht shuntasach chuig an earnáil neamhspleách leis na forbairtí sin agus, dá réir sin, bhí sé i bhfabhar cobhsaíocht sa Treoir le linn na hidirtréimhse sin.

Ar deireadh, thug RTÉ aghaidh ar éagsúlacht agus lucht féachana nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh air, agus é á lua, cé nach leagtar amach forálacha follasacha sa Treoir reatha ná ina Cóid, go dtugtar aghaidh ar na hábhair sin tríd an reachtaíocht atá ann cheana agus go ndéantar iad a atreisiú trí ról Choimisiún na Meán maidir le lucht féachana nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh air a shainaithint faoin Scéim Ghinearálta. Leag RTÉ béim freisin ar a oibleagáid seirbhíse poiblí chun freastal ar lucht féachana mór agus nideoige ar fud réimse leathan seánraí agus luaigh sé go bhfuil a chur chuige coimisiúnaithe deartha chun freastal ar léiritheoirí de gach méid chun an sainchúram sin a chomhlíonadh.

4. Conclúid agus Aitheantais

Ba mhaith le Coimisiún na Meán buíochas a ghabháil lena pháirtithe leasmhara ó gach cearn den tionscal léiriúcháin neamhspleách agus le RTÉ agus TG4 as a rannpháirtíocht chuiditheach san athbhreithniú ar an Treoir, lena n-áirítear trí fhreagraí scríofa a chur isteach. Rinneadh aighneachtaí tionscail neamhspleácha ar an tuisceant go ndéanfaí freagraí anaithnid in aon ábhar foilsithe, agus léirítear an méid sin sa bhealach a cuireadh na príomhthéamaí i láthair sa doiciméad Freagra ar Chomhairliúchán seo. Agus é á ullmhú, rinneadh gach iarracht na



tráchtanna agus na pointí a d'ardaigh na freagróirí a léiriú go dílis agus achoimre a dhéanamh ar na príomhthéamaí a eascraíonn as na haighneachtaí sin. Cé go dtagann cuid mhór de na saincheistanna a ardaíodh lasmuigh de raon feidhme na Treorach agus na gCód Cleachtais Cóirthrádála féin, tá tábhacht leo, mar sin féin, agus luaitear anseo iad ar mhaithe le hiomláine. Breithneofar na hábhair sin, i gcás inarb ábhartha, trí ionstraimí rialála eile agus in obair bheartais ghaolmhar Choimisiún na Meán.

5. Na Céimeanna atá Romhainn

Chuaigh Coimisiún na Meán i gcomhairle leis an Aire i ndáil leis an Treoir do Mheáin na Seirbhíse Poiblí maidir le Cód Cleachtais Cóirthrádála a thabhairt i gcrích, agus eiseoidh an Coimisiún an Treoir in R4 2026.

